Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9721/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0348 (COD)**

**CODEC 957**
**PECHE 203**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 maidir le raonta básmhaireachta iascaireachta agus leibhéil choimirce le haghaidh stoic scadáin áirithe i Muir Bhailt **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 18 Nollaig 2017, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 14 Feabhra 2018[2].

[1] 15789/17.
[2] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 29 Bealtaine 2018. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar thángthas air idir na hinstitiúidí agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 23/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 9471/18.